

## Aonad 6 – Ceacht 4



### Ráiteas Bainc Scéal Sheáin




Seán Ó Néill, 4 Cúirt na Fuinseoige, An Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí

Tá Seán 18 mbliana d'aois agus tá sé ag tabhairt faoin Ardteist i mbliana. Ní sé cinnte céard a dhéanfaidh sé nuair a fhágann sé an scoil.



Tá sé iontach ag an ealaín agus is maith leis a bheith ag obair lena lámha mar sin tá sé ag fiosrú faoi choláistí ealaíne. Tá post páirtaimseartha aige i stáisiún peitрил ach seans go mbeidh air éirí as le díriú ar an staidéar de réir mar a dhruideann na scrúduithe níos cóngaraí.



Tá cuntas reatha ag Seán. Uimhir an chuntais ná: 74583214. Tá cárta dochair aige freisin. Ag deireadh mhí Feabhra 2019 bhí €20.41 ag Seán ina chuntas. Faigheann sé €120 ar an 4ú lá de gach mí ón obair.

Bhí sé tinn ag tús mhí an Mhárta mar sin níor chaith sé aon airgead go dtí an 10ú lá nuair a cheannaigh sé DVD ar luach €15.99 i siopa ar a dtugtar The Movie Shop. Ar an 12ú Márta bhí air creidmheas fóin ar luach €20 a fháil – a fuair sé ón ATM. Tá a bhreithlá i lár mhí an Mhárta agus fuair sé seic óna aintín de luach €50. Lóisteáil sé an seic seo ina bhrairse áitiúil ar an 20ú Márta.

An lá dár gcionn, shocraigh sé leas a bhaint as an airgead seo agus d'aistarraing sé €80 ón ATM chun dul amach lena chairde agus péire bróga reatha a cheannach. Ar an 30ú Márta chuaigh sé go dtí an phictiúrlann chun scannán nua James Bond a fheiceáil. Ní raibh aon airgead tirim aige, mar sin d'íoc sé an costas €12.00 lena chárta dochair.



Bunaithe ar an eolas sa scéal thuas líon isteach ráiteas bainc Sheáin ar an mbileog oibre atá tugtha. Léirigh iarmhéid an chuntais ag an deireadh.

